

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD07

Téama

Gníomhaíocht ranga (GR). Bhíodh i bhfad níos mó crann in Éirinn tráth ná mar atá inniu. Cad iad na crainn ar leith a fuarthas inár gceantar? Conas is féidir linn ár mbuanna fiosraithe a úsáid chun é sin a fháil amach?

Cuspóirí

Ag cur le feachtas maidir le tionchar crann thar am. Ag díriú isteach ar ár gceantar áitiúil. Spreagann an gníomhaíocht seo daltaí smaoineamh ar a n-áit féin i ndáil leis an imshaol nádúrtha

Snáitheanna Curaclaim

OSIE, Eolaíocht - Dúile beo.

OSIE, Tíreolaíocht - Mapaí

Stair - Ag obair ó fhianaise

Gaeilge - Foclóir

Scileanna

Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint

Am

40 nóiméad.

Fréamhaithe go maith

ÁIT NA GCRANN IN ÉIRINN

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Liosta d'ainmneacha crann - féach bileog oibre na ndaltaí atá ceangailte leis seo.
- Fótachóipeanna de pháirteanna éagsúla, ach páirteanna a bhíonn le taobh a chéile ar mhapa SO i do cheantar féin do gach grúpa nó do gach beirt. Cinntigh le do thoil go féidir na logainmneacha a fheiceáil go soiléir ar na cóipeanna.
- Pinn luaidhe daite (ar a laghad peann luaidhe uaine éadrom amháin agus peann luaidhe uaine dorcha amháin do gach grúpa).


Logainmneacha

Áirítear ar roinnt de logainmneacha na hÉireann a bhaineann le crainn: Maigh Eo (Mayo/ Machaire an Iúir), Doire (Derry/ Dair), Má Bhile (Moville/ Machaire an Chrainn Bheannaithe), Baile Átha Troim (Trim/ Áth an Troim), Droim na

Coille (Drumnakilly/ Droim na Coille), Cloch na Coillte (Clonakility/ Cloch na Coillte).

B'fhéidir go dtaitneodh an smaoineamh faoin gcrann beannaithe leis na daltaí nó 'bile' a fhaightear go hiondúil ag suíomh ársa ríoga nó a raibh baint acu níos déanaí arís le tobair bheannaithe.

D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach na daltaí a chur ar an eolas maidir le focail chomónta a d'fhéadfaí a cheangail le hainmneacha crann i logainmneacha. Tá roinnt samplaí tugtha ar bhileog oibre na ndaltaí, ach d'fhéadfaí focail ar nós iad seo a leanas a úsáid freisin baile, carraig, cathair, caiseal, cloch, cnoc, dún, gort, inis, lios agus rath.



AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD07

leanúint →

D'fhéadfadh na daltaí teacht ar logainmneacha ar nós Ashford, Hollywood, Aldergrove nó ainmneacha ceantair, bóithre nó forbairtí ar nós Holly Farm nó Elm Drive. Bhain siad sin le stair níos déanaí agus tá siad luachmhar freisin mar léiríonn siad go mb'fhéidir go raibh crainn sna áiteanna a bhfuil feirmeacha, tithe nó siopaí anois.

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

- 1 Iarr ar na daltaí ainmneacha roinnt crann dúchasacha Éireannacha a thabhairt duit. Cad atá i gceist againn le crainn dhúchasacha? An mbíodh siad le feiceáil nuair a bhíodh bhur dtuismitheoirí ag dul ar scoil? Bhur seanmhuintir? Tuismitheoirí bhur seanmhuintire? Charles Stuart Parnell? Nuair a bhíodh na Normannaigh anseo? Le linn na haoise Neoilití?
- 2 An gceapann tú go raibh níos mó crainn ann an t-am úd ná mar atá anois? Cén fáth go gceapann tú é sin?
- 3 Is féidir linn leideanna a fháil uaireanta ó logainmneacha maidir le háiteanna a mbíodh crainn ag fás tráth. An féidir leat smaoineamh ar ainmneacha bailte ar léir go raibh baint acu le crainn?
- 4 Cén teanga a hainmníodh na háiteanna fadó? Cén fáth? Cad faoi an lá atá inniu ann? Cad iad na teangacha a úsáidtear?
- 5 Roinn an rang i ngrúpaí beaga nó i mbeirteanna. Socraigh na suíocháin ionas go mbeidh gach dalta ábalta an mapa a fheiceáil ag an am céanna.
- 6 Tabhair amach na mapaí sonraithe agus leathanach an dalta atá ceangailte leis an gcleachtadh seo.
- 7 Iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh de gach logainm Gaeilge a cheapann siad a bhfuil baint acu le crainn.
- 8 Iarr orthu liosta ar leithligh a dhéanamh d'aon logainmneacha Béarla a bhfuil ceangail acu le crainn.
- 9 Iarr ar na daltaí an peann luaidhe le dath uaine dorcha a chur ar na logainmneacha Gaeilge agus dath uaine éadrom ar na logainmneacha Béarla. Má bhíonn coill nó foraois léirithe d'fhéadfaí marc níos mó a dhéanamh - méid aon cent amháin b'fhéidir.
- 10 Cuir gach mapa suas ar an mballa chun mapa níos mó den cheantar a dhéanamh. Cad iad na háiteanna a léiríonn go raibh crainn ag fás iontu tráth? Iarr ar gach grúpa a gcuid féin den mhapa a chur i láthair an ranga.

Ar aghaidh leat

- 1 Úsáid dath chun cineálacha éagsúla crann a léiriú ar do mhapa - mar shampla, úsáid dath éagsúil chun gach cineál a léiriú.
- 2 Roinn an rang ina ngrúpaí agus roghnaigh crann ón liosta. Faigh amach na tréithe. Scríobh véarsa chun cur síos a dhéanamh ar do chrann. Léigh amach nó cas don rang é.
- 3 Faigh dán Gaeilge faoi choillearnach nó faoi chrainn (nó úsáid do cheann féin!). Úsáid ábhair ealaíon chun dathanna, uigeachtaí, atmaisféar nó téama an dáin a léiriú.
- 4 Léigh an dán Laoi Shuibhne/ Sweeney's Lay i nGaeilge nó i mBéarla. Tóg foraois Sweeney mar a dhéanann sé cur síos air.
- 5 Faigh bailte móra ar mhapa na hÉireann a bhfuil baint acu le crainn.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD07

leanúint →

FRÉAMHAITHE GO MAITH
NÓTAÍ BREISE DO MHÚINTEOIRÍ

B'fhéidir go mbeadh tú ag iarraidh do chleachtadh a chur in oiriúint de réir na gcrann nó na mapaí a mbíonn tú ag obair orthu sa rang. Ar an tslí chéanna, is féidir an roinn "Ar aghaidh leat" a chur in oiriúint do do rogha féin filíochta, gníomhaíocht scríbhneoireachta nó obair ealaíne. Tá na crainn atá luaite ar bhileog oibre na ndaltaí tógtha ó liosta crann a cuireadh le chéile in Éirinn sa deichiú aois. (Féach Mac Coitir)

Tagairtí

Irish Trees: Myths, Legends and Folklore le Niall Mac Coitir. Collins 2003. ISBN 1-903464-46-3. Tá an dán Laoi Shuibhne i nGaeilge agus i mBéarla ann. Tá go leor fíricí spéisiúla ann maidir le tábhacht crann in Éirinn. Tá pictiúir dhaite shoiléire ann.

An Duanaire 1600-1900: Poems of the Dispossessed le Seán Ó Tuama, Thomas Kinsella. Irish Books and Media, Bealtaine 1985. ISBN 0-85105-364-5. Tá an dán Cill Chais i nGaeilge agus i mBéarla. Tá naisc oideachasúla ar www.coillte.ie do mhúinteoirí agus do dhaltaí.

STAIR NA GCRANN

- 16,000R.Ch. An Oighearaois - Éire clúdaithe ag oighear
- 8000R.Ch. Éire clúdaithe ag coillearnacha.
- 7000R.Ch. Thosaigh feirmeoirí Neoiliteacha ag glanadh foraoisí agus d'athraigh an aimsir agus d'éirigh na réimsí coillearnacha níos lú.
- 600R.Ch Tháinig na Ceiltigh agus theastaigh adhmaid uathu do chrannóga, d'uirlisí agus do báid.
- 600AD Tháinig na Ceiltigh agus theastaigh adhmaid uathu do chrannóga, d'uirlisí agus do báid.
- 1800s Theastaigh adhmaid i gcomhair breosla sa Bhreatain le linn na Réabhlóide Tionsclaíochta. Dhíol feirmeoirí crainn agus b'fhéarr leo an talamh a chur. Cad a chiallaíonn sé sin? Ní raibh ach thart ar 1.5% de choillearnach fágtha!
- 1900s Thosaigh rialtaisí ag tacú le cláir fhoraoiseachta agus curadóireachta.
- 2000s Is foraois atá i deich faoin gcéad de thalamh na hÉireann (30%: meán na hEorpa), ach gearrtar na crainn go minic i gcomhair adhmaid nuair a bhíonn siad sách mór. Is speicis neamhdúchasacha iad go leor acu; ní bhíonn speicis neamhdúchasacha chomh úsáideach don fhiadhúlra dúchasach le crainn dhúchasacha.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD07

BILEOG OIBRE AN DALTA

D'fhéadfaí roinnt ainmneacha crann a fháil i logainmneacha i do cheantar nó ar mhapa na hÉireann. D'fhéadfadh sé go mbeadh an litriú athraithe le blianta anuas nó b'fhéidir go bhfuil siad athraithe mar gur scríobhadh i mBéarla iad. D'fhéadfadh siad a bheith ceangailte le focail eile freisin.

Má cheapann tú go bhfuair tú ainm atá bunaithe ar chrann ach nach bhfuil tú cinnte faoi, abair os ard é go bhfeicfidh tú cé leis a bhfuil sé ag dul. Téigh sa tseans! Seo é nuair a thosaíonn an obair bhleachtaireachta.

Ainmneacha crann

| | |
|-----------------|------------|
| aiteal | juniper |
| aiteann | furze |
| beith | birch |
| caithne | arbutus |
| caorthan | rowan |
| coll | hazel |
| crann creathach | aspen |
| cuileann | holly |
| dair | oak |
| draighean | blackthorn |
| fearnóg | alder |
| feoras | spindle |
| fuinseóg | ash |
| giolcach | broom |
| giúis | pine |
| iúr/eo | yew |
| leamhán | elm |
| saileach | willow |
| sceach gheal | hawthorn |
| silín | cherry |
| trom | elder |
| úll | apple |

Focail Bhainteacha

| | |
|--------|---------------|
| coill | a wood |
| fiodh | a wood |
| crann | tree |
| bile | a sacred tree |
| craobh | branch |

Logainmneacha úsáideacha eile

| | |
|--------|-------------------|
| átha | ford (in a river) |
| cluain | meadow |
| gleann | valley |
| maigh | plain |